

Coisín Chríost

Johanna Ní Mháille

Sleamhnaíonn uisce an phortaigh timpeall mo chuid buataisí. Sheas mé ansin ar feadh tamaill agus líon mé mo chuid scamhóg le haer úr; níl aon áit ar domhan chomh deas le portaigh Cor na Rón. Níl a fhios ag mórán cá bhfuil Coisín Chríost nó lorg choiscéim Chríost atá i gcloch i lár na portaigh i gCor na Rón Láir. Níor thug mé cuairt ar an áit beannaithe seo ó bhí mé i mo chailín óg, ach le gairid thosaigh mé fhéin agus mo Dhaidí ag labhairt faoi agus ó bhí an mhóin críochnaithe againn, chuaigh muid ar thóir clocha beaga beannaithe nach raibh feicthe againn leis na blianta.

Suas linn bóithrín Cor na Rón Láir, thar theach mo Dhaideo, Pádraig na Máille, fear a bheadh in ann scéal nó dhó a insint dom faoi Choisín Chríost dá mbeadh sé beo, go ndéana Dia grásta air. Ar aghaidh linn i dtreo Aill a' Phúca, chloch mhór mhillteach a bhfuil crann aonarach ag fás os a chomhair. Isteach ar chlé, isteach ar an gcléireach, cúig nóiméad siúlóide atá i gceist agus tagann tú ar an gcloch bheag beannaithe seo.

Sa lá atá inniu ann agus an deifir atá ar gach duine, is áit fhíorálainn é, áit chiúin, shuaimhneach, áit le paidir a rá, nó roinnt smaointeoireachta agus machnaimh a dhéanamh.

Nuair a sheasann tú os comhair na gcloch beag liath, tá tú in ann lorg coisín bheag a fheiceáil go soiléir. Timpeall ar an gcoiscéim tá balla beag déanta go néata ag lámha atá i



Coisín Chríost



An Choisín

bhfad imithe ón saol seo. Fiú amháin tá cloch sa gcláir thart timpeall ar Choisín Chríost ar nós go bhfuil sé déanta le dul ar do chuid glúine chun paidir a rá. Is iontach an rud é an nádúr. Os rud é nach raibh mé thuas anseo ó bhí mé i mo ghasúr, rinne mé dearmad air cé chomh deas agus atá áit mar seo ag muintir na háite.

Ag breathnú síos ar Choisín Chríost, tá seanbhuidéil uisce coisricthe in aice na gcloch. Deirtear go raibh daoine ag teacht ó gach uile thaobh den tír go Conamara ag Coisín Críost fadó agus go mbídís ag guí ar aon duine a bhí tinn agus go mbídís ag fágáil rudaí ar nós paidrín nó bonn beannaithe in aice Choisín Críost ar son an té a bhí tinn. Freisin, bhíodh daoine ag guí ar aimsir mhaith leis an bhféar a shábháil agus le haghaidh séasúr maith le barraí a bhaint. Ba cheart dúinn ár stair áitiúil a chaomhnú don chéad ghlúin eile chun ar n-oidhreacht a choinneáil beo.

Má bhíonn tú i gCor na Rón aon lá, téigh ar cuairt chuig an Coisín Chríost, tóg cúig nóiméad dhuit fhéin chun paidir a rá agus lig do scáth in aice le Coisín Chríost agus beidh tú faoi dhraíocht ag portaigh Cor na Rón. ■